Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13730/20**

**MAMA 181**
**MED 84**
**RL 3**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13414/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Liobáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, téacs na gconclúidí ón gComhairle maidir leis an Liobáin, a d'fhormheas an Chomhairle an 7 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Liobáin**

1. Tugann an tAontas dá haire agus is cúis imní dó go bhfuil an ghéarchéim airgeadais, eacnamaíoch, shóisialta agus pholaitiúil atá ar siúl sa Liobáin ag dul in olcas le roinnt míonna anuas. Is é pobal na Liobáine an chéad dream atá thíos le deacrachtaí méadaitheacha na tíre. Iarrann an tAontas ar cheannaireacht pholaitiúil na Liobáine éisteacht leis na daoine agus iad ag cur a n-ardmhianta agus a n-imní in iúl, aird a thabhairt ar a n-éilimh agus leas a bhaint as a n-ionchur agus athchóirithe a chur chun feidhme gan mhoill.

2. In éineacht le paindéim COVID-19, chuir an pléascadh ag calafort Bhéiriút an 4 Lúnasa 2020 leis na dúshláin iomadúla a bhí os comhair na Liobáine cheana féin. Déanann an tAontas comhbhrón ó chroí le muintir na n-íospartach agus leo siúd a gortaíodh sa phléascadh tragóideach sin. Áitíonn an tAontas ar údaráis na Liobáine a dtiomantas a chomhlíonadh maidir le himscrúdú neamhchlaonta, inchreidte, trédhearcach agus neamhspleách gan a thuilleadh moille.

3. Is díol sásaimh don Aontas gur tháinig an comhphobal idirnáisiúnta le chéile go pras chun tacú le muintir na Liobáine tar éis phléascadh an 4 Lúnasa. Thug an tAontas agus a Bhallstáit cabhair an-suntasach go gasta i ndáil leis sin. Ina theannta sin, tá an tAontas Eorpach tar éis tabhairt faoi mhear-mheasúnú ar dhamáiste agus ar riachtanais (RDNA) i gcomhpháirt leis an mBanc Domhanda agus leis na Náisiúin Aontaithe.

4. Seasann an tAontas le muintir na Liobáine agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do théarnamh atá dírithe ar dhaoine. I bhfianaise an mhéid sin, is díol sásaimh don Aontas an chomhdháil chun tacú le muintir na Liobáine arna heagrú ag na Náisiúin Aontaithe agus ag an bhFrainc an 2 Nollaig, a mbeidh réimse fhairsing ón tsochaí shibhialta agus ó fhiontair rannpháirteach inti agus iarrann sé go mbeadh an-éifeachtúlacht agus trédhearcacht ann maidir le cúnamh idirnáisiúnta a thabhairt agus cúnamh idirnáisiúnta a sholáthar ar bhealach prionsabal-bhunaithe. Cuireann an tAontas in iúl go dtacaíonn sé leis an gCreat Athchóirithe, Téarnaimh agus Atógála chun “an Liobáin is fearr a atógáil" faoi threoir phrionsabail na trédhearcachta, na cuimsitheachta agus na cuntasachta.

5. a. Ní mór don tacaíocht sin an bealach a réiteach do théarnamh níos leithne agus níos inbhuanaithe. Chomh maith le téarnamh atá dírithe ar dhaoine, beidh cúnamh suntasach ón Aontas chun an Liobáin a atógáil ar bhealach daonlathach, trédhearcach, cuimsitheach agus rathúil ag brath i gcónaí ar dhul chun cinn nithiúil maidir leis na hathchóirithe riachtanacha.

b. Dá bhrí sin, cuireann an tAontas i dtreis a phráinní atá sé go gcuirfeadh údaráis na Liobáine athchóirithe chun feidhme chun muinín an chomhphobail idirnáisiúnta a athbhunú agus chun na coinníollacha a chruthú lena meallfar tacaíocht ó infheisteoirí. Iarrann sí freisin ar údaráis na Liobáine na tiomantais a rinne sí go dtí seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear iad siúd a rinneadh i gcomhthéacs chomhdháil CEDRE (2018), agus a bhfuil tacaíocht á fáil acu ón nGrúpa Idirnáisiúnta Tacaíochta don Liobáin agus ó bhaill eile den chomhphobal idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas ar údaráis na Liobáine athchóirithe a chur i gcrích mar ábhar práinne, lena gcuirfear leis na comhaontuithe ar ar tháinig ceannairí polaitiúla uile na Liobáine tar éis phléascadh an 4 Lúnasa, chun na difríochtaí polaitiúla a shárú chun tacú le hathchóirithe.

c. Is éard atá i gceist leis sin athchóirithe eacnamaíocha agus rialachais atá fóinteach agus domhain chun cobhsaíocht eacnamaíoch a athbhunú, soláthar seirbhísí poiblí a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar na leibhéil bochtaineachta atá ag dul i méid, neamhionannais a laghdú, airgeadas poiblí inbhuanaithe a chothú, inchreidteacht na hearnála airgeadais a athshlánú, neamhspleáchas na mbreithiúna a ráthú, urraim do chearta an duine agus an smacht reachta a áirithiú, éilliú a chomhrac agus na mianta dlisteanacha a chuir muintir na Liobáine in iúl go síochánta a chomhlíonadh. Tá an tAontas réidh chun tacú leis na hathchóirithe ach ní mór an próiseas athchóirithe a bheith faoi úinéireacht na Liobáine.

d. Ní mór cainteanna éifeachtacha leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a atosú a luaithe is féidir. Ba cheart príomhthosaíochtaí beartais, amhail dlí maidir le rialú caipitil a ghlacadh go práinneach, iniúchóireacht fhóiréinseach mear, cuimsitheach ar Banque du Liban (BDL) agus bearta chun cobhsaíocht san earnáil baincéireachta a áirithiú a achtú go práinneach. Ní mór don Liobáin ceannaireacht a ghlacadh agus tús áite á thabhairt do phríomhbhearta rialachais, lena n-áirítear rialáil inchreidte ar earnáil an leictreachais, coimisiún a bhunú chun éilliú a chosc, córas leordhóthanach soláthair phoiblí agus bearta eile lena n-áiritheofar go ndéanfar athruithe nithiúla agus go rathófar trédhearcacht agus cuntasacht iomlán do mhuintir na Liobáine.

e. Ba cheart an próiseas athchóirithe a bheith cuimsitheach agus ba cheart do na mná, don óige agus don earnáil phríobháideach a bheith rannpháirteach ann chun iontaoibh agus muinín an phobail a athghabháil agus ba cheart a áirithiú go ndéanfar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú.

f. Tá an tAontas ag cur tacaíocht shuntasach ar fáil do na pobail is leochailí sa Liobáin, lena n-áirítear tacaíocht do líontáin slándála sóisialta, in aimsir seo na géarchéime. Iarrann sé ar an Liobáin a áirithiú go mbeidh na hiarrachtaí urghnácha sin inbhuanaithe agus go gcosnófar cearta an duine, agus go n-atreiseofar córais náisiúnta dá bhrí sin chun freastal ar riachtanais bhunúsacha an phobail.

6. Leanann an tAontas de bheith ag tathant ar an rialtas idirthréimhsiúil gníomhú go tapa agus go cinntitheach laistigh dá theorainneacha bunreachtúla. Mar sin féin, i dtaca le clár a mbeidh tacaíocht iomlán aige ón bParlaimint agus ina mbeidh gealltanais bheachta, inchreidte, amtheoranta don athchóiriú a thugann aghaidh ar dheacrachtaí na Liobáine, ní féidir ach le rialtas feidhmiúil an clár sin a chur chun feidhme go hiomlán. Iarrann an tAontas ar gheallsealbhóirí uile na Liobáine agus ar na fórsaí polaitiúla uile tacaíocht a thabhairt le rialtas a bhunú sa Liobáin go práinneach, ar rialtas é a bheidh dírithe ar mhisin, inchreidte agus cuntasach, agus a bheidh in ann na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme. Cuireann an tAontas i dtreis freisin gur gá rannpháirtíocht fhóinteach, éifeachtach na mban agus na hóige a áirithiú sna próisis sin go léir.

Cuireann an tAontas i dtreis gur cheart sochaí shibhialta na Liobáine a neartú agus í a bheith lánpháirteach sa chinnteoireacht ábhartha uile. Cuireann an tAontas chun suntais a thábhachtaí atá an earnáil phríobháideach in atógáil na Liobáine.

7. Molann an tAontas na hiarrachtaí ollmhóra leanúnacha atá á ndéanamh ag an Liobáin agus ag muintir na Liobáine os cionn 1 mhilliún dídeanaí ón tSiria a óstáil go dtí go mbeidh na dálaí ann chun go bhfillfidh siad ar bhealach sábháilte, deonach agus díniteach i gcomhréir le noirm infheidhme an dlí idirnáisiúnta, agus prionsabal an *non-refoulement* á chomhlíonadh, mar a cuireadh in iúl sna conclúidí a ghlac an Chomhairle roimhe seo agus mar a dúirt an tArdionadaí thar ceann an Aontais an 10 Samhain 2020. Maidir leis na gealltanais a thug sé ag Comhdhálacha na Bruiséile maidir le Tacaíocht a thabhairt do thodhchaí na Siria agus don Réigiún, an ceathrú heagrán a bhí ar siúl ar an 30 Meitheamh 2020 san áireamh, tá siad á gcomhlíonadh ag an Aontas, lena n-áirítear trí Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria. Molann an tAontas an Liobáin freisin as a tacaíocht do dhídeanaithe ón bPalaistín, lena n-áirítear iad siúd a theith ón tSiria.

8. Is díol sásaimh don Aontas gur cuireadh tús leis an bplé idir an Liobáin agus Iosrael maidir lena dteorainn mhuirí a dhealú, plé atá á éascú ag Stáit Aontaithe Mheiriceá agus á óstáil ag UNSCOL in áitreabh UNIFIL, agus molann sé do na páirtithe bacainní a shárú agus dul chun cinn gasta a dhéanamh i ndáil leis sin agus aird á tabhairt ar na hiarmhairtí dearfacha ar an dá pháirtí agus ar an tsíocháin agus ar an gcobhsaíocht sa réigiún má éiríonn leis an bplé sin.

9. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a thiomantas d'aontacht, do cheannasacht, do chobhsaíocht, do neamhspleáchas agus d’iomláine chríochach na Liobáine. Athdhearbhaítear freisin a thábhachtaí atá tiomantas na Liobáine don bheartas go bhfanfadh sí slán ar gach coinbhleacht réigiúnach, i gcomhréir le Dearbhú Baabda.

10. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé go leanfadh an Liobáin don tiomantas atá aici a cuid oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán, lena n-áirítear Rúin 1559, 1680, 1701 agus 1757 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Molann an tAontas an ról atá á imirt ag Fórsaí Armtha na Liobáine agus UNIFIL chun an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chothabháil i nDeisceart na Liobáine. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé cumais oibríochtúla Fhórsaí Armtha na Liobáine, agus institiúidí slándála agus ceartais eile an stáit, a neartú mar sholáthraithe aonair cobhsaíochta, oird agus slándála sa tír agus iad ag cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí um chearta an duine. Leanann an tAontas dá chuid tacaíochta d'obair Chomhordaitheoir Speisialta na Náisiún Aontaithe don Liobáin, Ján Kubiš.

---